Dáta Cásca Buan ná Iontraiṫe

Ní ḃíonn tráṫ ann naċ mbíonn faoḃ éigin le socrú. Le fada an lá anois tá an ċeist mór fé ḋáta na Cásca fé ḋráid na cléireaċ agus na ndaoine. Tá daoine ann agus teastaíonn uaṫa dáta na Cásca ḃeiṫ buan, aċ tá daoine eile ann agus teastaíonn leo é a ḃeiṫ iontrailte ó ḃliain go bliain. An lá atá inniu ann, tá dáta na Cásca iontraiṫe.

Tuiteann Domnaċ Cásca ar an gcéad Domnaċ taréis an ċéad lán-ġealaí a ṫárlaíonn taréis com-naċt an Earraiġ. Bíonn com-noċt an Earraiġ ann timpeall an 21ú, nó 22ú de mí na Márta. D'féadfaí an gealaċ ḃeoċ lán ar an 23aḋ de mí na Márta agus ansin d'ḟéadfaḋ Domnaċ Cásca ḃeiṫ againn an lá ina ḋiaiḋ sin (dá mba Domnaċ an lá sin)—sé sin an 24ú de mí na Márta. Ṫárla sin uaireannta. Is cuimin le m'aṫair an tseamróg ⁊ an pailm ḃeannuiṫe ḃeiṫ á gcaiṫeaṁ an lá céadna. Aċ d'ḟéadfaḋ mí iomlán imeaċt sul a mbeaḋ gealaċ lán ann taréis com-noċt an Earraiġ. Cuir i gcás dá mbeaḋ gealaċ lán ann taréis com-noċt an Earraiġ. Cuir i gcás dá mbeaḋ an lán-ġealaċ ann 20ú de mí Márta ní ḃeaḋ sé lán arís go dtí tuairim an 18ú nó 19ú Aibreán agus ansin (mar i mbliana) ní ḃéaḋ Domnaċ Cásca ann go dtí an triú Domnaċ den Aibreáin, uaireanta go dtí an 23ú den mí. Mar sin aṫruíonn dáta na Cásca ó ḃliain go bliain. Anuraiḋ ḃí sé an-luaṫ — i mbliana tá sé déanaċ go maiṫ.

Tugtar an Carġais ar na seaċt seaċtaine roiṁ an Ċáisc. I riṫ an ama sin bíonn ar na daoine troscadar agus ṫreiḋnas a ḋéanaṁ. Is gnáṫaċ le na daoine éirí go moċ i riṫ an Ċairġaois ċun freastal ar an Aifreann agus déanann gaċ fíor Críostaiṫe iarraċt ar gníomarta éigin féin-smaċtuiṫe a ḋéanaṁ in onóir Ṗáis Ċríost — séanann sé sog-luiscí mar tobac nó milseán nó damsaí.

Cad é an míniú atá leis an Ċáisc? Cuireann an Ċáisc i gcuiṁne dúinn an seaċtain a céasaḋ Íosa Críost agus a d'aiséiriġ sé ón mairḃ. Dá ḃrí sin bíonn féasta mór gaċ bliain taréis troscaḋ fada. Sul ar éiriġ Íosa Críost ón ṁairḃ bíoḋ féasta mór gaċ bliain ag na hIúdaiġ ag an am sin. Ḃí siad ag comóraḋ á dtaḃairt slán ón Eigipt i ḃfad roiṁe sin. Ḃí ortu uan a ṁarú agus an ḟuil a scáird ṫart timpeall ins na ceiṫre cúinne de gaċ teaċ. Leis an gcom-arṫa sin a sábáileaḋ iad ón bplaiġ san Eigipt. Fuair Íosa Críost bás ar an gcrois ċun ár n-anamaċa a sábáil. Tiṫ an dá ḟéasta móra sin — féile na hIúdaċ agus féile na Cásca — titeadar le ċéile gaċ bliain ar an lá céadna aċ ag dáta iontraiṫe. Ḃí na daoine go léir sásta leis sin go ceann tamaill.

Tuairim na bliana 664 d'éiriġ aċ-rainn i Sasana i dtaoiḃ dáta Cásca. Ḃí manaiġ Ċolmcille taréis an Creideaṁ a craoḃ-scaoileaḋ sa Ḃreatain Ṁór. Ag an am seo ḃí Colmán ag múineaḋ an creideaṁ i Northumbria. Pósaḋ an rí le bainríon ó Ceint. Glac an rí leis an socrú céadna agus a ḃí ag na Gaeil, aċ maidir leis na ḃainríona lean sí córas na Róṁánaċ — Córas naċ raiḃ cloiste ag na Gaeil fós toisc síor — ċogaiḋ leis na Loċlannaiġ. Cuireaḋ é fé ḋráid Colmán agus fear ar a dtugtar Uilfrid. Dúirt siad go raiḃ an ceart ag an mbainríon. Cé naċ raiḃ Colmán sásta leis sin, d'ḟág sé Northumbria agus ċuaiġ sé go Inis Bó Finne. Aċ san ḃliain 716 glac na Gaeil leis an socrú. Claoiḋeann na Gaeil agus Críostaiṫe an Iarṫair uile leis an socrú céadna ó ṡin i leiṫ.

Uaireannta bíonn an féasta seo go luaṫ, agus uaireannta eile bíonn sé níos déanaí. Nuair a bíonn sé go luaṫ is deacair bláṫanna a ḟáil ċun an altóir a ṁaisiú agus nuair a bíonn sé déanaċ bíonn siad go flúirseaċ agus ioldaṫaċ. Rud eile nuair a ṫagann tús an Ċarġaois ag deire Eanair nó i dtús na Feaḃra, bíonn an aimsir de gná fuair, feanntaċ agus gaoċṁar stoirm-úil. Tréiṁse pionóis an Carġais ceart go leor agus is mór a ċuireann an droċ-aimsear leis an méid atá le fulaingt againn. Is ar éigean a bíonn aon deacraċt ann nuair a bíonn fad sa ló agus solas agus teas ag teaċt sa ngréin. Ar ndóiġ tá's agam naċ cúis ġearráin dúinn pionós beag mar droċ-aimsir.

Sin buntaiste eile dá mbeaḋ dáta buan Cásca ann, agus é ḃeiṫ déanaċ. Béaḋ sé níos éascaí do gaċ duine, mar ní ḃéaḋ mórán trioblóide ann ag socrú saoire mar ḃéaḋ ḟios ag ċuile duine i ḃfad roiṁe sin. Béaḋ sé níos éascaí freisin do na clódóirí mar bíonn ortu siúd socrú a ḋéanaṁ i ḃfad roiṁ seaċtain Cáisce fé cló-ḃualaḋ na bpáipéirí nuaċtain. Socraíonn an Ċáisc dáta féiltí eile na bliana. Nuair a bíonn an Ċáisc déanaċ bíonn siad san déanaċ ċom maiṫ. Sin rud aṁáin naċ dteastaíonn ó roinnt daoine. Dá mbeaḋ Domnaċ Cincíse luaṫ ní raċaḋ mórán daoine ar aleṫe saoire ag an am sin, mar ní ḃeaḋ an aimsear ró-ṫe dóiḃ. Sin rud aṁáin a bíonn gaċ duine ag fanaċt leis an aimsear ḃreá.

In Éirinn tá nós ann scrúdúċáin áiriṫe ḃeiṫ ar seaċtain na Cásca. Is dóċa ċun ḃeiṫ cinnte naċ mbeaḋ ar na daltaí ḃeiṫ as láṫair ón mbunscoil a ḋeintear an socrú sin, mar is annaṁ a bíonn na scoileanna ar oscailt an tseaċtain san. Nuair a bíonn an Cáisc go luaṫ, bíonn na scrúdúċáin san go luaṫ san ḃliain freisin. Mar sin bíonn ċúis gearáin ag na múinteoirí agus ag na daltaí faoi ganntanas ama ull-ṁúċáin. Dá ḋeireannaí an Ċáisc sea is fearr leo-san.

Dá ḃrí sin ceapaim go mbeaḋ sé níos fearr dá mbeaḋ dáta buan ann, agus é ḃeiṫ com déanaċ agus is féidir — abair — an triú Domnaċ den Aibreán. Ar ndóiġ ḃéaḋ sé an-deacair dáta cinnte a ṡocrú mar de réir an féilire atá againn anois, d'ḟéadfaḋ an triú Domnaċ féin a ḃeiṫ lá ar biṫ idir an 15ú lá agus an 21ú lá d'Aibreán agus an dá lá sin san aireaṁ. Aċ dá mbeaḋ fiú seaċtain áiriṫe socraiṫe, déanfaḋ sé cúis.

Aċ beiḋ deacraċtaí eile ann ápaċ. Is gnáṫ le luċt gnóṫa ins gaċ tír, beagnaċ. Lá saoire "baince" ḃeiṫ acu Luan Cásca ⁊ arís Luan Cincíse. Fé mar atá sé i láṫair na huaire ní ṫiteann na saoire san san séasúir céadna dá ḃliain as a ċéile. Is mian le n-a lán daoine (naċ Críostaiṫe cor ar biṫ iad) dáta na Cásca ḃeiṫ buan agus go luaċ sa ḃliain freisin. Mar ansin ḃéaḋ tráṫa saoire acu ar ócáidí socraiṫe ⁊ tréiṁse coṫrom idir gaċ ceann— Luan Cásca, Luan Cincíse agus annsan Luan Lúnasa — gan iad ar ṁullaċ a ċéile mar atá i mbliana.

Rud an tábaċtaċ ar fad an lá atá inniu ann sea an ċeist seo, nuair is mian leis an bPápa agus an gcléir agus le ċuile Ċríostaiṫe Aontaċt na hEaglaise a ċur ċun cinn. Ní mór do Críostaiṫe an Oirṫir agus Críostaiṫe an Iarṫair ḃeiṫ ar aon-ḟocal faoi dáta ḟéile ċom tábaċtaċ san. Mar ar ndóiġ tá's againne gurḃ í an Ċáisc an féile is tabaċtaí sa bliain — i ḃfad níos mó ná an Nollag. Muhah aiséiriġe Íosa Críost taréis bás d'ḟáil ar an gCrios, ní fiú tada ár gcreid-eaṁ. Sí an t-Aiséirí bin-olaċ ⁊ barr ár ndóċas mar luċt lean-úna Ċríost.

Rosduṁaċ

Sé'n t-áḃar cainte coitianta anseo nó céard a ṫárlós anois i gceist na mbóiṫre, taréis gur cáineaḋ na daoine a rinne an agóid faoi na droċ bóiṫre insan gceantar seo. Níl sé ar intinn ag duine ar biṫ den seaċtar feirmeoirí a cáineaḋ, an ċáin a íoc agus tá siad réiḋ le dul 'un ṗríosúin mar agóid i gcoinniḃ an neamart atá dá ḋéanaṁ ar an ċeantar. Sé Annraoi Ó Corrduiḃ treoraí an ġluaiseaċt agóide seo, agus deir sé go ḃfuil sé ar intinn ag an pobal an ċeist a leanúint siar go deire go dtí go ḃfaiġ siad sásaṁ. Ḃí cúramaí eile ar láiṁ aige san am i láṫair ag eagrú Coṁar Ċumann do na hIascairí agus má ċuirtear i bpríosún é anois, cuirfí sé sin siar cúrsaí an Ċoṁar Ċumainn. Tá na bóiṫre go h-uafásaċ ar fad insan ċeantar, agus níl luċt gnóṫa nó luċt lorraiṫe sásta lastaí a ṡeaċadú isteaċ go dtí Ros Duṁaċ nó na ceantair cúil eile agus tá éagóir trom dá ḋéanaṁ ar luċt an ċeantair ar fad, gan tráċt ar luċt na gcarranna féin. Tá caint éigin ar siúl go ndéanfar na bóiṫre do ḟeaḃsú agus rinneaḋ tús i gceantar Ros Duṁaċ féin, aċ níl luċt na h-agóide sásta scoir den agóid go dtí go ḃfáiġ siad geal-lúint anois go gcuirfear caoi ceart ar na bóiṫre.

Tá scoil nua ag Ros Duṁaċ beagnaċ críoċnaiṫe anois. Scoil ċeaiṫre-ṡeomraí atá ann, agus bainfear úsáid as in ionad an sean scoil atá ansin le daċad bliain. Sé an connraṫóir ná Seán Mac Aindriú, Gleann Gad, Poll a' tSómais.

Fuair M. Ó hEarlaiġ, as Sean-aċaí, Cuan an Inbir, an luaċ a ba ṁó ariaṁ, £300 ar capall trí bliana d'aois. Ceannaiṫeoir as Sasain a ċeannaiġ an capall.

Báisteaċ Trom

Dé Doṁnaiġ seo caite, ḃí an titim fearṫaine is mó le fada an lá i gceantar Iorras. Ṫáiniġ sé anuas ċom trom agus gur pléascaḋ spéarṫa a ḃí ann i gceantar Ḃeannċor Iorras féin.

Ḃí na tuillte ċom h-olc agus gur scuabaḋ ċun bealaí, carraigeaċa agus bruscar amaċ ar na bóiṫre, agus ḃí caoi dá scuabaḋ ċun bealaí leis an srután a ḃí ag teaċt anuas taoḃanna an tsléiḃe. Ḃí áiteaċa agus ní raiḃ luċt gluaisteán ábálta tiomáint fríd na tuillte a leaṫnaiġ amaċ ar na bóiṫre.

Ḃí carraigeaċa móra leagṫa ar ċuid dena bóiṫre agus aiḃneaċa beaga ag riṫ orṫa.

Níl lá ar biṫ naċ mbíonn tuairisí faoi eaċtaí iontaċa agus gníomarṫa gaile agus gaisce a ḋeineann eolaiṫe na linne seo. Dar le cuid na h-eolaiṫe sin, tá an gnáṫ-féilire atá in úsáid againn, as dáta. Is mian leo leasú a ḋéanaṁ air — uiṁir áiriṫe laeṫannta socraiṫe ḃeiṫ ins gaċ mí agus mar sin de. Ní ḃéaḋ sé ró-éascaí acu é sin a ḋéanaṁ. Mar sin níl an Eaglais aċ ag taispeáint go ḃfuil sí suas ċun-dáta mar a bíonn sí i gcónaí nuair atá sí ag iarraiḋ dáta buan a ṡocrú don Ċáisc.

Trío is trío. Sílim go mba ṁaiṫ an rud é agus go dtaiṫneóḋ sé le gaċ uile duine idir ċléir agus tuaṫ dáta Cásca buan ḃeiṫ ann. Agus san lá atá inniu ann nuair atá an oiread sin aṫraiṫe ċun-ḟeaḃais déanta agus á ndéanaṁ ag luċt rialuiṫe na hEaglaise, b'ḟéidir le cúnaṁ Dé naċ fada uainn, an leasú seo freisin ag teaċt i gcríċ.

Nuala Ní Ġeannáin, Meán Scoil Seosaiṁ Naoṁa, Cloċar na Trócaire, Béal Áṫa Liag, Co. Longfort.

Tacáioċt agus Capital Don Iarṫar

Eagras Cosanta Iarṫair ag dul 'un cinn

Má ġeiḃ an pobal an capital agus an tacaíoċt atá riaċtanaċ, tá mise deiṁin de go dtiocfaiḋ le ċéile agus go léireóiḋ siad don doṁain gur féidir le talaṁ agus iascaireaċt an Iarṫair pobal líonṁar dul ċun cinn a ḟreastal.

Sin é adúirt a Ṡoilse, an Dr. Sár-Oirṁinneaċ Breaṫnaċ, Árd Easpag Tuama. I litir a léiġeaḋ ag cruinniú de Coiste Cosanta an Iarṫair, i dTuaim, oíċe Ḋiardaoin seo caite.

Labair an tAṫair Séamas Mac Duiḃir, S.C., Gleann Colmcille leis an ċruinniú agus ṁiniġ sé an rud a ḃí déanta i nGleann Colmcille agus an gluaiseaċt do réir mar ḃí ag dul ar aġaiḋ ar fud an Iarṫair.

Ḃí an tAṫair M. Mac Oireaċtaiġ, Riarṫóir, Tuaim, i gceannas agus ċuir Pádraic Ó Raifeartaiġ caṫaoirleaċ Coiste na ḃFeirmeoirí i nGaillim, fáilte roiṁ an Aṫair Mac Duiḃir, agus rinne sé tagairt don ḟorbairt a ḃí déanta ċeana i gCo. na Gaillime, leis na marts agus uaċtarlanna a ḃí bunaiṫe. Rinne sé tagairt freisin ar ċom tábaċtaċ agus a ḃí sé go gcuirfí in iúl do pobal an Iarṫair an géarġá a ḃí le Coṁar i ḃforbairt talaṁ agus tábaċt an Iarṫair.

I litir an Árd Easpaig freisin, dúraḋ — Glacaim an caoi seo le rá go ḃfuil iomlán mo ċoṁaiḋ agus mo ṫacaíoċt ag an Aṫair Mac Duiḃir, ins na h-iarraċtaí atá sé a ḋéanaṁ do ċosaint an Iarṫair.

Ṫug an tAṫair Mac Duiḃir stair coiste Cosanta an Iarṫair agus dúirt sé gur gluaiseaċt a ḃí ann le gníoṁaíoċt a ċur ar siúl ins na ceantraċa fé leiṫ, do ḟonn agus go dtaḃarfaḋ an rialtas aire do faḋbanna an Iarṫair. "Tá baol ag bagairt ar an Iarṫar, adúirt sé, agus i gcúig nó i ndeiċ mbliana beiḋ laġdú de 17 per cent. insan daonra."

"Caiṫfear gníoṁ a ḋéanaṁ anois agus tacaíoċt agus capital a ṫaḃairt do faḋbanna an Iarṫair."

Ba ṁór an náire agus an ceann fé é, dá ligfí don Iarṫar titim anois indiaiḋ an páirt ġlórṁar a ġlac siad ariaṁ i stair na tíre.

Aċ, ní ḟéadfaí rud ar biṫ a ḋéanaṁ muna raiḃ na daoine réiḋ le caḃrú leo féin ar tús. Rinne an Dole, adúirt sé, doċar mór do misneaċ agus spreagaḋ pobal na tíre, nó ṫug sé buntáiste do na daoine leisciúil gan éifeaċt.

Agóid Bóiṫre Gaeltaċt Ṁuiġeo

(Ar lean. ó leath. 6)

Troid ar son na tíre

Ba é Tomás Ó Droin, Ceaṫrú na gCloċ, Ceaṫrú Taiḋg, an ċéad duine eile, agus ṫug an Sáirsint Ó Caṫasaiġ agus an Sáirsint Mac Ḟionntaiġ, fianaise.

Dúirt Tomás Ó Droin go raiḃ sé 67 bliana d'aois, agus gur ċaiṫ sé a ṡaol uiliġ aċ cúpla bliain sa ċeantar. Ḃí na bóiṫre go h-an dona. Nuair a ḃeaḋ fear ag tiomáint orṫa, ḃeaḋ sé ag taḃairt dá ṫaoḃ an ḃealaí ṁóir lesi, mar fear meisce. Ba é a ṫuairim-sa go raiḃ na bóiṫre dainséaraċ. Níor ḃ'ḟéidir boinn a ċoinneáil orṫa. Ḃ íroinnt graiḃéal orṫa aċ scuabaḋ é sin ar ṡiúl.

Dúirt an Giúistís naċ raiḃ siad ag cur graiḃéal scaoilte féin ar na bóiṫre in Foxford.

Ag freagairt an Ceannfort Uilson, dúirt Ó Droin naċ raiḃ cáin ar an cárr ar an dáta sin, agus nár íoc sé ó ṡin é.

An tUasal Mac Caṫṁaoil — Seo sean ḟear le misneaċ. Ṫroid sé ar son a ṫíre 40 bliana ó ṡin.

Ċuir an Giúistís Mac Maṫúna cáin £72, islíṫe go dtí £8 agus ṫug sé 7 lá len' íoc, nó 14 lá príosúin ina éagmais. Fá'n togairm don 20ú Márta, ċáin sé an cosantóir 10s. nó 7 lá i bpríosún.

Ṗill sé' na ḃaile

Pádraic S. Garḃáin, Ceaṫrú Taiḋg, an t-aon ċosantóir eile a ṫug fianaise. Dúirt sé gur oibriġ sé le blianta, i Sasana, Na Stáit Aontaiṫe agus India. Rinne sé doṫain airgid le teaċt abaile ⁊ teaċ ósta beag a ċeannaċt. Nuair a ḃí sé ullaṁ aige níor dearnaḋ rud ar biṫ leis na bóiṫre ⁊ ní raiḃ cuairteoirí ar biṫ ag teaċt. Ní raiḃ sé ag déanaṁ pín. Ċonaic sé cuairteoirí ó ṫíorṫa ṫár sáile ag tiomáint aníos ċom fada leis na cros-ḃóṫair, ⁊ ansin ag iompú ar gcúl nuair a ċonaic siad an bóṫar.

Ċuir an Giúistís cáin £72 islíṫe go £8 air. Ċáin sé na daoine eile, taréis don Sáirsint Ó Caṫasaiġ, An Sáirsint Mac Ḟionntaiġ agus Gárdaí Ó Cuinneagáin agus Mac Feaḃráin, fianaise foirmeáilte a ṫaḃairt.

Peadar Garḃáin, Sraiṫ Taggle, Port Orlainn, £7 agus 10s.

Seán S. Ó Caoṁánaiġ, Sraiṫ Taggle, Port Orlainn, £7 agus 10s.

S. S. Garḃáin, Sraiṫ Taggle, £7 agus 10s.

Pilib S. Mac Aindriú, Loċ Murraċ, Port Orlainn, £6.

P. Mac Craiṫ, Ros Duṁaċ, £7 agus 10s.

Peadar Mac Aindriú, Loċ Murraċ, Port Orlainn, £6 agus 10s.

Ṫug sé 7 lá le h-íoc in gaċ cás nó 14 lá i bpríosún dá ḃárr.

Caiṫeaḋ amaċ fá Aċt na gCéad Ċuirṫeaċ cás inar cúisíoḋ Seán Ó Muinneaċáin, Ros Duṁaċ, as gan cáin a ḃeiṫ ar a ġluaisteán ar an 13ú lá d'Eanair.

Dúirt an tUasal Caṫṁaoil go raiḃ cáin ag Ó Muineaċáin ar a ċárr an lá dár gcionn. Níor íoc sé cáin go dtí sin toisc naċ raiḃ an bóṫar go Ros Duṁaċ cóiriṫe.

Táṫar ag fiafraí insan ċeantaa anois an ḃfuil na cánaċa a cuireaḋ ar an triúr tosaí den ċoiste agóide seo, ag cur leis na gnáṫ cánaċa a cuireaḋ ar fud an ċeantar anois an ḃfuil na tíre de ṫairḃe daoine naċ raiḃ cáin íocṫa acu, nó an ḃfuil siad níos airde?